Nuachtlitir

Comharchumann Forbartha Árann

Nollaig 2007

Dia dhíbh go léir! Bliain eile beagnach caite agus muid uile ag fiafraí dá cheile “Cá ndeachaigh 2007? Nach sciopaí a sciorr sí tharainn! Tharla go leor rudaí suimiúla ar an oileán I rith na bliana agus tá cuir sios gearr sa nuachtlitir seo ar na cinn is mo a raibh baint ag an gComharchumann leo. Bhí bliain mhaith eile ag an gComharchumann agus tá spriocanna móra a leagan amach againn do 2008!

Bhí cúiseanna áthais agus bróin, cúiseanna ceiliúrtha agus comhghairdeas ag pobal an oileáin. Bhí breitheanna agus póstaí, báinseacha ann a thug údair áthais dúinn agus bhí básanna ann a d'fhág cúis bhróin ag gaolta, cairde agus comharsana. Tá smaointe agus paidreacha an pobal libh go léir.

With another Christmas in the air everyone is saying where did 2007 go, doesn't time fly! ”It was another good year for the co-op and some of the main projects and achievements are detailed in this newsletter.

Another year of all kinds of everything – births and marriages and celebrations of events that brought joy and happiness to the people of the Island and deaths that brought sadness and a great sense of loss to relations, friends and neighbours. We share them all together as a community.

We have summaries of the main points in English the “Nuachtlitir is mainly in Irish because Irish is such a strong feature of our lives and we can all play our part in ensuring that it remains so. Future generations depend on us to do that.

A glossary/Foclóir of new or difficult terms is included on page 3

An Cruinniú Chinn bhliana

Bhí an cruinniú chinn bhliana againn I Mí Deireadh Fómhair in Eoghanacht. Bhí slua breá ós cionn 70 duine ann rud a thaispeánann an suim mhór ata ag na scairshealbhóirí in obair an Chomharchumainn. Ardaíodh ceisteanna go leor ach bhí béim ar leith ar staid na mbóithre agus ar an Ionad Sláinte. Ba dheas an chaoi ar fhan an chuid is mó de na scairshealbhóirí tar éis an chruinnithe ag caint is ag comhrá le chéile agus ag blaiseadh den buffet breá a bhí ar fáil.

The Co-op AGM had a great turnout / attendance of over 70 shareholders. There were plenty of questions raised but the main issues were the roads and the health centre.

Pleanáil Teanga

Seoladh an togra Pleanála Teanga go hoifigiúil I Mí Deireadh Fómhair. Sé an fear grinn Des Bishop atá ag foghlaim Gaeilge sa gCeathrú Rua lé cúpla mí anuas a bhí mar aoi speisialta. Treasa Ni Mhaoláin a rinneadh an seoladh oifigiúil. Bhí sé seo iontach don phobal san Ostan an oíche cheanna. Bhí roinnt aisteoirí ó Ros na Rún I láthair chomh maith rud a chuir go mór leis an ócáid.

Tá maoiniú ceadaithe ag an Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta don togra seo ar feadh tréimhse trí bliana agus tá Peadar Rathcliff ceaptha mar oifigeach Teanga ar bhonn páirtaimseartha. Tá Peadar tosaithe ag eagrú imeachtaí cheana féin agus tá muid ag iarraidh ar gach duine agus grúpa tacú leis.

Bingo

Tá an Bingo ag dul go maith gach oíche Dé Domhnaigh I Halla Rónáin ó 6.00i.n—8.00i.n. Bíonn thart ar 65-80 ag freastail ar an Bingo gach seachtain. Tá €900 sa bpota óir faoi láthair.

Bingo is doing very well every Sunday night from 6-8pm in Halla Rónáin. There are usually between 65—80 people participating. The jackpot is currently at €900.

Parent Toddler Group

Tá Peadar ag iarraidh parent toddler group a bhunú , má tá suim ag aon duine glaoigh ar Peadar ar 087-6873082.

Peadar is hoping to begin a parent toddler group, if you are interested call Peadar on 087-6873082.

Drámaí

Tá súil againn na drámaí a bheidh ar súil I Mí Feabhra. Beidh dhá drama, agallamh beirte, agus ceoil ar súil ar an oíche.

We are hoping to have a drama night sometime in February. There will be 2 drama's , an agallamh beirte and music on the night.

Comórtas Póstaeir

Bhí comórtas póstaeir ar súil againn le gasúir bunscoile agus an meánscoile. Beidh comórtas eile ar súil amach sa mbliain nua.

A poster competition was organised this year with children from the national and secondary school participating. More competitions will commence in the new year.

Campaí Samhraidh

Beidh campaí samhraidh ar súil an bhliain seo chugainn. Beidh rudaí éagsúla dhá eagrú ar nós ceoil, spóirt, éalaíonn srl.

Summer camps will commence next year with a variety of activities such as music , art, sports and many more.

The language planning project was officially launched by Treasa Ni Mhaoláin agus Des Bishop was a special guest at the launch. Some actors from Ros na Run also attended. Peadar Rathcliff has been appointed part time language officer and is already organising events. Bingo is run every Sunday evening from 6-8pm in Halla Rónáin. The jackpot at the moment is €900. We hope he gets every support throughout the island.

Oifigeach Pleanáil

Beidh Clinic ag an t-Oifigeach Pleanáil san Ionad Oideachais & Teicneolaíochta Árann ar an 29ú Eanáir 2008. Tá sé tábhachtach go mbaintear úsáid as an tSeirbhís seo de bharr go cuireadh go leor brú ar an Comhairle Condae Clinic a bheith acu anseo ar an oileáin. Chun coinne a dhéanamh glaoigh ar Oifig an Comharchumann nó ar an Comhairle Condae.

The next Planning Clinic to be held in Inis Mór will be 29th January 2008.IT is important that this service be used as a lot of pressure has been put on the County Council to provide this service on the Island. To make an appointment call the comharchumann office or Galway County Council.

An tIonad Fiontair Oscailte:

Rinne an tAire Éamon o Cuív an oscailt oifigiúil an Ionad Fiontair Cholm O hIarnáin I Mí Bealtaine 2007. Ba lá mór ceiliúrtha é sin don Chomharchumainn, do chlann Uí Iarnáin agus do phobal an Oileáin. Tá áiseanna oifige den scoth anois ag foireann an Chomharchumainn, aiseanna ata ar fáil dóibh sin go léir ón oileáin agus ón mórthír a bhíonn ag plé leis an gComharchumann ó thaobh seirbhísí , comhairle, scéimeanna nó tograí. Beidh muid ag lorg tograí no gnóthaí feiliúnacha don dhá aonad fiontair in 2008 I gcomhair leis an Údarás.

Ionad Fiontair Cholm O hIarnain was officially opened by Minister Éamon ó Cuív in May of this year. The Comharchumann now has first class office facilities for dealing with all those who avail of the wide range of services provided to the community.

Foclóir

This dictionary is to help those who are not fluent in the Irish language to practice and read our Nuachtlitir.

Ag Fiafraí	*Asking*
Sciopaí	*Fast*
Sciorr	*Slipped*
Rudaí suimiúla	*Interesting Things*
Cur sios	*Description*
Cúiseanna Ceiliúrtha	*Reasons for Celebrating*
Comhghairdeas	*Congratulations*
Breitheanna & Báinseacha	*Births and Marriages*
Cúis bhróin	*Cause of sorrow*
Comharsana	*Neighbours*
Maoiniú	*Funding*
Tuismitheoirí	*Parents*
Spriocanna	*Targets , Objectives*
Scairshealbhóirí	*Shareholders*
Cruinniú Chinn Bliana	*AGM*
Ag blaiseadh	*Sampling—tasting*
Breosla	*Fuel / Diesel*
Córas na gcartaí	*Card System*
Brabach	*Profit*
Ciorclán	*Circular*
Fear grinn	*Comedian*
Aisteoirí	*Actors*
Imeachtaí	*Events*

Scideal Bailiúcháin / *Waste Collection* Schedule

Landfill: Friday 21st, 28th Dec
Bia / Food : Monday 7th Jan

Collection as normal from the 3rd January

Nollaig Shona ó Timpeallacht

An tOireachtas

Ghlac 13 gasúir as Árainn páirt in imeachtaí an oireachtas I gCathair na Mart faoi thús na Samhna. Bhí go leor dá gcuid tuismitheoirí agus cairde ann ag tabhairt tacaíochta dóibh.

Bhain na daoine óga an oiread sásaimh as an oireachtas go bhfuil siad ag caint ar oireachtas Chorcaí an bhliain seo chugainn cheana féin. Is iontach an spreagadh don Ghaeilge I measc na ndaoine óga páirt a ghlacadh I bpríomh fhile na Gaeilge.

Thug coiste an oireachtas buaiteoirí sean-nóis Chorn uí Riada le 35 bliain anuas le cheile don chead uair. Ina Measc bhí ar seaimpín féin Treasa Ní Mhaoláin.

Thirteen young people from Árainn took part in the Oireachtas in Westport and there was great support from parents and friends for them. The Oireachtas festival is a great encouragement to young people to and enjoy the language. Our own Treasa Ni Mhaoláin was one of the former winners of the prestigious Corn Uí Riada who were honoured by Radio na Gaeltachta at the Oireachtas.

Ionad Árann

Tá an obair athchóirithe ag dul ar aghaidh go maith ar Ionad Árann. Se an Conraitheoir MBB ata I mbun na hoibre. Tá dearadh le haghaidh taispeántais nua a réiteach ag an deartháir Jack Harrison a réitigh an taispeántas a bhí ann on tús. Beidh an tIonad seo ar oscailt arís roimh Shamhradh 2008.

The Heritage Centre is being refurbished by MBB Contractors. A new exhibition design is being prepared by jack Harrison who designed the original exhibition. We hope the Centre will be re-opening in the summer of 2008.

Ionad Spraoi do Ghasúir

Tá moill ar an togra seo mar d'athraigh muid ón suíomh a bhí roghnaithe I dtosach. Ta an suíomh nua níos fairsinge agus níos feiliúnaí agus tá muid ag iarraidh an suíomh is fearr a fháil. Beidh an fhorbairt seo ag dul ar aghaidh sa gcead leath de 2008. Tá go leor den réamhobair phleanála déanta – roghnú áiseanna agus leagan amach ginearálta.



This has been delayed due to a change of site. The new location is more suitable and will give us extra options due to the extra space. We have only one opportunity to develop a playground and we want to get it right.

Polasaí maidir le Pleanáil ar an Oileáin:

Tá an Comharchumann ag cuir plean le chéile faoi láthair maidir le Polasaí don Oileáin I dtaoibh Pleanáil. Tá roinnt pointí anseo & más mian le éinne a gcuid tuairimí a chuir in iúil dúinn, tar I dteagmháil linn. Beidh Cruinnithe Poiblí dhá eagrú go luath & beidh deis díospóireacht.

An Dréacht Polasaí

- Níos éasca do dhaoine Pleanáil a fháil ar an Oileáin.
- Tithíocht Aonraic a bheith ar an Oileáin
- Tithíocht Réasúnta / Affordable Housing a chuir ar fáil
- Tithe Sóisialta a fhorbairt
- Seans ag daoine ar an Oileáin an dara teach a thógáil ar an Oileáin
- an Córas Pleanáil a dhéanamh níos easca do daoine
- Áraságin: go mbeidh áit do dhaoine atá ag obair ar an Oileáin áit a fháil ar cíos go fad téarmach.
- Tithe Tréigthe: Brú a chur chun rud éigean a dhéanamh fúthu seo.
- Tithe Saoire ag teastáil, ansin brú chun saoire thar oíche a bhrú go láidir
- daoine a cheapann go mba chóir dóibh I bheith ar an liosta Housing Need, caithfidh do ainm I bheith cláraithe le Comhairle Condae na Gaillimhe.

The Comharchumann are currently working on a Policy document for the Island with regards Planning. The following is the draft list to date, any comments or additions please contact the comharchumann office. Public Meetings will be held in the New Year to discuss the matter further.

Draft Policy:

- *Made easier to get Planning on the Island*
- *Individual Housing to be available*
- *Affordable Housing*
- *Social housing to be developed*
- *People on the Island to be able to build a second house on the Island*
- *The Planning Process to be more user friendly for people*
- *Apartments to be made available to people that are working on the Island that are interested in renting.*
- *Derelict houses: This issue to be addressed.*
- *Holiday Homes to be available to rent on the Island, thus promoting longer stay visitors.*
- *Anyone that feels they need to be registered for housing they need to register with Galway County Co*

Coistí:

Tá ionadaí ón gComharchumann ar Coistí difriúla, msh: Coiste Monatóireacht Aer Árann, Lastais, Farantóireachta, Comhairle Condae na Gaillimhe. Má tá aon moladh nó tuairimí agat, déan cinnte muid a chur ar an eolas.

Representatives from the Comharchumann are on a number of Committees, e.g.: Monitoring committee Aer Árann, Cargo, Ferries. Galway County Council. If you have any comment or recommendation please let us know.

Forbairt an Chalaphort

Tá na constaicí uile sáraithe anois agus beidh conradh forbartha an chalaphoirt ag tosú go luath in 2008. Is fiú €39m an conradh seo agus is cinnte go mbainfidh an t-oileáin go leor buntáistí as na fhaid is a bheidh na hoibreacha idir lámh. Tá siúl go mbronnfar an conradh roimh an Nollaig.

This major €39m project is expected to commence in early 2008. Many spin-off benefits are expected on the Island during 6the course of construction. It is expected that the contract will be awarded before Christmas.

Tithe Sóisialta

Tá an Comharchumann ag leanacht ar aghaidh leis an feachtas chun Tithe Sóisialta a bheith tógtha ar an Oileáin. Tá suíomh aimsithe againn & tá an Comhairle Condae sásta an Suíomh seo a chéannacht ar ár son go dtí go mbeidh an deontas faighte. Sé an chéad céim eile ná dearadh a réiteach. Níl líon na tithe a bhéas ar an suíomh socraithe fós. Moltar do éinne atá spéis acu sna tithe seo theacht I dteagmháil leis an oifig chun go mbeidh siad coinnigh ar an eolas maidir le riachtanais, agus molainn muid duit do ainm a chuir ar liosta tithíocht an Comhairle Condae freisin.

The Comharchumann are working on this project, the site is being bought by the County Council on our behalf until the funding has been secured. It has not been decided on how houses will be built, the design is the next stage. We recommend that anyone that is interested should contact this office so as to be aware of requirements & to lodge their housing need with the County Council.

Foireann:

Cathy Ní Ghóill
Bainisteoir

Geraldine Ní Ghóill
Bainisteoir Cúnta

Breda Ní Dhioráin
Runaí

Tuairisc Saltaire

Rinneadh Staidéar ar an tSeirbhís Lastais do Trí Oileáin Árann le dhá bliain anuas. Tá an tuairisc sin foilsithe anois le moltaí. Is féidir é a fheiceáil ar an suíomh http://www.pobail.ie/ie/NahOileainMhara/ Tá bunchóip in Oifig an Comharchumann, tá fáilte roimh daoine theacht agus é a léamh.

A study of the Cargo service to the Islands was conducted, and is now published. It can be viewed on http://www.pobail.ie/en/Islands/ There is a copy in the Comharchumann office if anyone wants to come in and read it.

Golden Mile / Bailte Slachtmhara:

Is comórtais iad seo a bhíonn eagraithe ag an Comhairle Condae a thugann aitheantas do bailte atá aireach agus a dhéanann forbairt ar siúlóidí srl. Chuir an Comharchumann isteach ar na comórtais seo I mbliana.

Breosla Árann

Is gearr eile go dtí go mbeidh an córas nua breosla socraithe suas. Tá muid ag súil go mbeidh na pumpanna agus córas na gcartaí íocaíochta réidh le seoladh roimh dheireadh Mhí Eanáir. Tá muid ag tosnú le córas nua na gcartaí seo chun costais an breosla a choinneáil síos. Dá mbeadh orainn duine a fhostú bheadh an costais breosla níos airde. Múna bhfuil an foirm líonta isteach agat le h-aghaidh an carta ola, bhearr duit é dhéanamh go luath. Tá na foirmeacha le fáil ó oifig an gComharchumainn. Ní bheidh ach ola le h-aghaidh teach, (kero nó gas oil) le fáil ón truck a bheas ag dul thart ag na tithe.

Beidh an córas ag na tithe mar atá faoi láthair sé sin íocaíocht ríomh ré in oifig an gComharchumainn. An t-aon bealach le ola a ordú ná, trí glaoigh ar oifig an Comharchumann ar 61354. Iarrtar ar daoine gan fanacht go dtí an nóiméad deirneach chun ola a ordú más féidir. (Fógra coicís). Tríd is tríd tá an córas seachadta breosla chuig na tithe ag oibriú amach go sásúil faoi láthair.

We are setting up the fuel card system to keep the cost down on our customers, if we had to employ somebody to manage the pumps the cost of fuel would be higher.

If you haven't already filled in a fuel card form now is the time to do so, fuel cards will become effective from mid January 2008. You will need a fuel card to purchase fuel for you car / bus/ tractor etc, forms are available from the co-op office.

The only way to order home heating oil is through the Comharchumann office at 099-61354.

Céibh Ros a Mhíl

Bhí roinnt I dteagmháil linn san oifig maidir leis na barriers ag dul síos ar céibh na Iascairí I Ros a Mhíl. Chuaigh muid I dteagmháil leis an Máistir Cuan, an Captaein John Donnelly ag iarraidh go mbeadh na Barriers ardaigh ar feadh uair a chloig roimh a fhágann na Báid Farantóireacht gach lá. Luaigh an Máistir Cuan go mbeadh sé sásta é seo a dhéanamh, ach is de bharr ceist Sláinte & Sábháilteacht atá na Barriers seo ann agus dá bhrí sin go mbeadh daoine cúramach ag úsáid na Céibhe. Tá bealach siúlóid leagtha síos agus moltar do daoine é a úsáid.



Arising from concerns from the public with regards the Barriers in Ros a Mhíl we contacted the Harbour Master Captain John Donnelly with the view to having the barriers lift one hour before the departure of the Passenger Ferries every day. He was agreeable to this but stressed that these Barriers were erected to protect people as a matter of Health & Safety and that people be careful using the piers and only walk on the Walkways provided.

Scairshealbhóirí agus Seirbhísí

An chaoi a n-oibríonn an Comharchumann

Ainneoin go bhfuil an Comharchumann ag feidhmiú le blianta fada bíonn roinnt bheag mí thuiscintí ann I gcónaí faoi ról agus cearta na scairshealbhóirí agus páirtíocht daoine eile in imeachtaí agus ócáidí poiblí an Chomharchumainn.

Ar ndóigh tá an Comharchumann ag freastal ar an bpobal uilligh. Tá seirbhísí an Chomharchumainn ar fáil do chuile dhuine ar an mbonn céanna: Bus an Phobail, an tSeirbhís Breosla, An Naíolann agus An áit Shúgartha do ghasúir atá beartaithe agus an tacaíocht a thugann muid do choistí deonacha an oileáin. Ní chuireann muid duine ar bith ó dhoras ata ag iarraidh cúnamh nó comhairle.

Ar an dtaobh eile den scéal, tá cearta nó pribhléidí áirithe ag na scairshealbhóirí a bhfuil €127 íochta nó á íoc acu ar a scair mar thacaíocht d'obair an Chomharchumainn.

Bíonn cruinnithe agus ócáidí áirithe de chuid an Chomharchumainn teoranta do na scairshealbhóirí mar aitheantas don tacaíocht phraiticiúil a thugann siad don obair mhór atá idir lámha againn ar mhaithe le chuile dhuine ar an oileán.

Ní hé go bhfuil an Comharchumann ag iarraidh duine ar bith a choinneáil amach ó na hócáidí seo ach is beag deiseanna eile a bhíonn againn le aitheantas a thabhairt do na scairshealbhóirí.

Is Féidir le duine ar bith scair a chéannacht ar €127 nó €25.40 sa mbliain thar thréimhse 5 bliana.

Cuireadh muid fáilte roimh scairshealbhóirí nua.

Shareholders and non Shareholders Comharchumann Policy

Even though the Comharchumann has now been operating for a long number of years there are still occasional misunderstandings in some events, functions and meetings organised by the Comharchumann. The services of the Comharchumann and the benefits arising from all its operations are for the benefit of the whole community. Everybody benefits and that is our objective.

We have an open door policy for all individuals, groups and committees who look for our support, assistance or advice.

On the other hand there are some rights and benefits available to shareholders only, though these are quite limited, only shareholders can attend the AGM. The shareholders have paid €127 for membership and as a recognition of that practical support some functions and events are limited to shareholders only.

It is not that we wish to prevent other people from attending but the Committee feels that this is one of the few ways the Co-op has available to it to show some special recognition to shareholders. We would like to increase the number of Shareholders in the Comharchumann.

Share can be bought for as little as €127 which can be paid in full or over five years, which is only €25.40 per year. We would like more people to show their practical support for our work and services for the whole community.

Ballraíocht / Membership

Ainm…….

Seoladh…….

Ba mhaith liom scair a thógáil amach I Comharchumann Forbartha Árann.

Beidh me íoc an iomlán €127 nó thar 5 bliana…

Sínithe……

Dáta……..

Obair atá idir lamha ag
Comharchumann Forbartha Árann

Comharchumann Forbartha Árann

Cill Rónáin, Inis Mór, Árann
Fón 099-61354
Facs 099-61454
Ríomhphoist:
comharchumannarann@indigo.ie

Uaireanta Oscailte /
Opening Hours

Dé Luain -
Déardaoin
9.00– 5.00
Aoine
9.00–4.00
Lón ó
1.00-2.00

Soláthair Breosla

Bainistiú Ionad Árann

Fostóirí do Áras Rónáin

Ullmhú Plean Oibre don Roinn & an Chomhairle Chondae ar Riachtanaisí an Oileáin, ie: bóithri, Céibheannai, Crimeadh Cósta & srl.

Athnuachan Bailte

Ionad Oideachais agus Teicneolaíocht Eoghanachta, Cúrsaí a reáchtáil againn agus Staidéar Féidearthachta a ullmhú againn.

Scéim FÁS

Timpeallacht na nOileáin mar fó chomhlacht

Plé leis an Roinn faoi Conradh Lastais agus Farantóireachta, Cruinnithe go rialta againn leo.

Plé leis an Roinn Faoi Boithrí agus Céibheannaí

Plé leis an Roinn faoi costas maireachtáil ar an Oileáin

Seirbhís Oifige agus Gnó

Reáchtáil agus mar fostóirí do Naionra Inis Mór agus deontais faighte againn ón Roinn Dlí agus Cirt.

Plé faoi forbairt an Calaphort, freastal ag cruinnithe leis an Roinn agus Comhairle Condae.

Gym Árann

Seirbhís Bus an Phobail

Seirbhís Bus do dhaltaí Chill Éinne

Plean Gaeilge don Oileáin, airgead ceadaithe dúinn, €225,000 thar 3 bliana

Naíolann

Plé faoi pleanáil ar an Oileáin, Aighneacht curtha isteach agus bhí cruinnithe eolas ann.

Soilse Poiblí, éileamh ag teacht ón Pobal ag iarraidh tuilleadh.

Cruinnithe poiblí chun an Pobal a chuir ar an n-eolas.

Leathanbhanda

Coiste Comharchumann Forbartha Árann

Máirtín Ó Maoláin ***Cathaoirleach***
Marion bn Uí Iarnáin ***Leas Cathaoirleach***
Michéal ó Góill ***Oifigeach Caidreamh Poiblí***
Peadar Ratcliffe ***Rúnaí***
Seán O'Domhnaill ***Cisteoir***
Dara O Maoldhia
Pádraic Ó Maoláin
Pat Bheirtie ó hIarnáin
Gearóid de Brún
Geraldine Ní Shearcaigh
Michéal ó Maoláin
Padraic Ó Dioráin
Áine bn Uí hIarnáin

Nollaig shona daoibh
go léir &
áth-bhliain
faoi mhaise do chách.
Ó
Coiste &
Foireann
an Comharchumann